Cuntas Leithreasa 2012

# Vóta 26

# Oideachas agus Scileanna

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 26, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna, ar sheirbhísí áirithe atá faoi riaradh Oifig an Aire, agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc.

Mínítear an caiteachas ar sheirbhísí oideachais faoi Vóta 26 i seacht bpríomhchatagóir fotheidil a chlúdaíonn idir chaiteachas reatha agus chaiteachas caipitil. Laistigh den Vóta déanann na raoin fhotheidil seo a leanas freastal ar chatagóirí leathana caiteachais mar seo a leanas;

- déanann na fotheidil A.1 go A.9 freastal ar chostais riaracháin na Roinne
- déanann na fotheidil B.1 go B20 freastal ar chostais eile a bhaineann cuid mhór le cláir nó le comhlachais a bhfuil feidhm leo thar chodanna éagsúla den chóras oideachais nó a bhfuil nádúr ar leith ag baint leo
- fotheidil C.1 go C.7 freastal go príomha ar chostais oideachais chéad leibhéal, lena n-áirítear costais ábhartha tuarastail agus aoisliúntais
- déanann fotheidil D.1 go D.10 freastal ar chostais oideachais dara leibhéal agus bhreisoideachais agus cuimsíonn siad costais ábhartha tuarastail agus aoisliúntais
- déanann fotheidil E.1 go E.14 freastal ar mhaoiniú don tríú leibhéal
- déanann fotheidil F.1 go F.3 freastal ar chaiteachas caipitil, agus
- déanann fotheidil G.1. go G.8 freastal ar chaiteachas a bhaineann go príomha le forbairt scileanna.

Frithháirítear ollchaiteachas na Roinne ag leithreasaí i gcabhair a thugtar chun cuntais i raon na bhfotheideal H.1 go H.6.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2012, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

**Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla***

Tuairiscítear ar Cheangaltais Chaipitil atá Infheidhmithe le Dlí ag an tairseach €12.697 milliún. (S14/03/06).

***Luach Saothair***

Tá maolú faighte ag an Roinn ó bheith ag tuairisciú socruithe áirithe luach saothair (Nóta 5 do na cuntais) i dtaca le párollaí na múinteoirí agus na gcúntóirí riachtanas speisialta agus i dtaca le tuairisciú faoi líon na bhfostaithe i gcomhlachais atá laistigh den earnáil oideachais.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

In éineacht leis an gCuntas, tá ráiteas curtha faoi bhráid agam i bhformáid chaighdeánach Chóras an Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais (CRIA) a fheidhmíonn sa Roinn Oideachais agus Scileanna.

Sa chomhthéacs sin agus le saintagairt do CRIA, seo a leanas an seasamh i dtaca le hoiliúint agus ionduchtú na foirne, sainoiliúint airgeadais, bainistiú riosca agus slándáil fhaisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide.

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh
- comhlíonann an Roinn gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

Ullmhaítear cláir bhliantúla iniúchóireachta faoi choimirce an Choiste Iniúchóireachta agus tuairiscíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa (a chinntíonn comhlíonadh cheanglais rialála an Aontais Eorpaigh maidir le bainistíocht, le rialú agus le hiniúchadh na bhfeidhmeanna dá leithéid in Éirinn) don Choiste ar fheidhmiú na gclár seo agus ar chríochnú na dtuarascálacha iniúchóireachta. Críochnaíodh naoi gcinn de thuarascálacha iniúchóireachta go hiomlán, ceithre cinn de thuarascálacha Chiste Sóisialta na hEorpa agus cúig thuarascáil iniúchóireachta inmheánaí, i rith na bliana 2012.

Oibríonn an Coiste Iniúchóireachta, an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa faoi Chairteacha scríofa ar leith.

***Oiliúint Foirne***

Is trí na próisis um pleanáil ghnó agus um an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a shainaithníonn an Roinn na riachtanais oiliúna agus forbartha. Leantar den oiliúint a chur ar fáil i dtaca leis an mbainistíocht airgeadais, leis an soláthar, leis an iniúchóireacht inmheánach, leis an bpárolla, leis na pinsin, leis an gCáin Bhreisluacha (CBL), leis an gCáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla agus le Córas Bainistíochta Airgeadais na Roinne. Cuireadh oiliúint fhairsing ar fáil sa bhliain 2012 chun tacú le haistriú Mheastacháin na Roinne chuig an nuafhormáid um buiséadú feidhmíochta agus athstruchtúr gaolmhar an Vóta.

***Teicneolaíocht Faisnéise***

Lean an Roinn sa bhliain 2012 d'fhéachaint le hoibriú de réir an chleachtais is fearr ó thaobh na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus leanann sí de bhonneagar na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a athbhreithniú, a fheabhsú agus a uasghrádú. Tugann sainchomhairleoirí seachtracha Teicneolaíochta Faisnéise go tráthrialta faoi 'scrúduithe sláinte' slándála. Clúdaíonn na measúnuithe seo réimsí mar shlándáil na mbunachar sonraí, cianrialú rochtana, slándáil na bhfeidhmchlár agus tástáil treáite ar fheidhmchláir ghréasáin atá dírithe lasmuigh. Déantar bearta maolaitheacha mar fhreagra ar aon cheist a shainaithnítear.

***Rialuithe Riaracháin agus Airdeadais***

Chuir an Roinn athruithe suntasacha i bhfeidhm ar a Córas Bainistíochta Airgeadais (CBA) i rith na bliana 2012, lenar áiríodh athdhearadh ar Chairt CBA na gCuntas chun freastal ar cheanglais Chinneadh an Rialtais sa bhliain 2011 an Buiséadú Feidhmíochta a thabhairt isteach. Ligeann Cairt nua na gCuntas do chaiteachas na Meastachán a chur i gcomhréir leis na spriocanna ardleibhéil mar a shonraítear i Ráiteas Straitéise na Roinne, acmhainní airgeadais a chomhoiriúnú leis na spriocanna seo a bhaint amach agus é seo ar fad a thuairisciú go héifeachtúil. Thairis sin, tá roghanna feabhsaithe um thuairisciú nach raibh ar fáil roimhe seo éascaithe ag Cairt nua na gCuntas. Cuireadh ceardlanna agus cruinnithe faisnéise faoi na hathruithe a bhí ag eascairt ón Tionscadal um Buiséadú Feidhmíochta ar fáil don fhoireann ábhartha uile i ngach ceann de Cheanncheathrúna na Roinne. Leanadh de threorú ar fheidhmiú na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí a chur ar fáil freisin i rith na bliana 2012.

**Seán Ó Foghlú**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais agus Scileanna

28 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 26 Oideachas agus Scileanna

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 26 Oideachas agus Scileanna don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 26 Oideachas agus Scileanna don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Oideachas agus Scileanna. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Bainistiú Conartha i dTionscadail Oideachais CPPs***

Tagraíonn Caibidil 12 de mo thuairisc faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2012 do cheisteanna áirithe a bhaineann le bainistiú conartha i dtionscadail oideachais CPP.

***Vóta Cuntasaíochta***

Pléann Caibidil 4 de mo thuairisc faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2012 le bainistiú an chaiteachais vótáilte ag roinnt rann agus oifigí. Áirítear mar chuid de sin alt maidir le bainistiú Vóta 26 Oideachas agus Scileanna

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

13 Meán Fómhair 2013

# Vóta 26 Oideachas agus Scileanna

## Cuntas Leithreasa 2012

| Seirbhís | | 2012 Suim Soláthraithe sa Mheastachán | 2012 Toradh | 2011 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | |
| A.1 | Tuarastail, pá agus liúntais | 59,889 | 58,607 | 60,197 |
| A.2 | Taisteal agus cothú | 1,502 | 1,493 | 1,420 |
| A.3 | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,175 | 1,024 | 1,001 |
| A.4 | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 2,640 | 2,078 | 2,401 |
| A.5 | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha Teicneolaíochta Faisnéise | 4,930 | 4,796 | 5,053 |
| A.6 | Costais áitreabh oifige | 2,340 | 2,237 | 1,635 |
| A.7 | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an Luach ar Airgead agus ar bheartais | 100 | 55 | 50 |
| A.8 | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | 18,719 | 17,261 | 17,763 |
| A.9 | Uachtaránacht an Aontais Eorpaigh | 175 | 55 | — |
| — | *Costais oifigí réigiúnacha* | — | — | *233* |
| **Seirbhísí Eile** | | | | |
| B.1 | Creat Náisiúnta Cáilíochtaí | 7,714 | 7,714 | 7,918 |
| B.2 | Seirbhísí iompair | 169,693 | 168,464 | 171,483 |
| B.3 | Gníomhaíochtaí idirnáisiúnta | 1,019 | 714 | 955 |
| B.4 | Ranníocaíocht le hEOECNA/UNESCO agus malartuithe idirnáisiúnta oideachais | 2,493 | 2,439 | 2,172 |
| B.5 | Gníomhaíochtaí taighde agus forbartha | 1,586 | 1,480 | 2,270 |
| B.6 | Oideachas múinteoirí | 24,705 | 23,721 | 23,453 |
| B.7 | Costais na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | 3,735 | 3,225 | 3,447 |
| B.8 | Maoiniú na dTionscadal i gCeantair na dTascfhórcsaí Drugaí | 411 | 403 | 412 |
| B.9 | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | 8,750 | 8,222 | 8,152 |
| B.10 | Míbhuntáiste oideachasúil (Maoiniú Cuntas Díomhaoin) | 1,600 | 401 | 1,613 |
| B.11 | Straitéis sláinte gairme le haghaidh múinteoirí céad agus dara leibhéal | 1,750 | 1,345 | 1,744 |
| B.12 | Sásamh i leith Foras Cónaithe | 69,880 | 38,022 | 44,200 |
| B.13 | Costais ghinearálta Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann (deontas-i-gcabhair) | 3,427 | 3,427 | 3,544 |

| Seirbhís | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Seirbhísí Eile (ar leanúint)** | | | | |
| B.14 | Ciste deontas-i-gcabhair le haghaidh costas ginearálta eagraíochtaí cultúir, eolaíochta agus oideachais (páirtmhaoinithe as an gCrannchur Náisiúnta) | 147 | 146 | 187 |
| B.15 | Maoiniú Comhoibrithe Thuaidh/Theas | 2,200 | 831 | 1,187 |
| B.16 | Ciste le haghaidh costas ginearálta eagraíochtaí atá i mbun Éire a chur chun cinn mar ionad idirnáisiúnta oideachais | 100 | 100 | 91 |
| B.17 | Ilghnéitheach | 4,830 | 3,943 | 4,200 |
| B.18 | Gníomhaíochtaí um theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide scoileanna | 13,778 | 10,049 | 9,566 |
| B.19 | An Coimisiún um Dhrochúsáid Leanaí | 8,000 | 1,296 | 2,173 |
| — | *Ciste deontas-i-gcabhair le haghaidh costas ginearálta Eagraíochtaí Oideachais Aosaigh (páirtmhaoinithe as an gCrannchur Náisiúnta)*[1] | — | — | 854 |
| **Deontais agus seirbhísí oideachais an chéad leibhéil** | | | | |
| C.1 | Tuarastail srl. múinteoirí | 2,064,777 | 2,035,436 | 2,050,404 |
| C.2 | Modhscoileanna - costais ilghnéitheacha | 474 | 469 | 469 |
| C.3 | Deontais chaipitíochta le haghaidh costas oibriúcháin scoileanna náisiúnta | 185,342 | 183,373 | 186,933 |
| C.4 | Tuarastail srl. foirne neamh-mhúinteoireachta i scoileanna náisiúnta, lena n-áirítear cúntóirí riachtanas speisialta, airígh agus oifigigh chléireachais | 310,793 | 306,384 | 300,079 |
| C.5 | Deontais agus seirbhísí eile | 51,769 | 44,537 | 51,059 |
| C.6 | Aoisliúntas srl. múinteoirí | 493,198 | 515,209 | 487,029 |
| C.7 | Tionscnaimh oideachais speisialta | 3,000 | 1,897 | 4,970 |
| **Deontais agus seirbhísí dara leibhéal agus breisoideachais** | | | | |
| D.1 | Tuarastail srl. múinteoirí i meánscoileanna, i scoileanna cuimsitheacha agus i bpobalscoileanna | 1,148,095 | 1,134,648 | 1,175,669 |
| D.2 | Deontais d'údaráis meánscoileanna agus deontais agus seirbhísí eile maidir le meánscoileanna | 103,800 | 102,019 | 104,280 |

| Seirbhís | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Deontais agus seirbhísí dara leibhéal agus breisoideachais (ar leanúint)** | | | | |
| D.3 | Tuarastail srl. foirne neamh-mhúinteoireachta i meánscoileanna, i scoileanna cuimsitheacha agus i bpobalscoileanna, lena n-áirítear cúntóirí riachtanas speisialta agus oifigigh chléireachais | 50,345 | 48,750 | 49,126 |
| D.4 | Aoisliúntas múinteoirí meánscoileanna, scoileanna cuimsitheacha agus pobalscoileanna | 351,131 | 371,424 | 345,078 |
| D.5 | Scoileanna cuimsitheacha agus pobalscoileanna - costais oibriúcháin | 45,492 | 45,492 | 46,342 |
| D.6 | Deontais bhliantúla do Choistí Gairmoideachais (gan deontais áirithe maidir le saincholáistí agus tacaíocht do mhic léinn a chur san áireamh)[1] | 727,245 | 728,910 | 926,340 |
| D.7 | Íocaíochtaí le húdaráis áitiúla maidir le muirir aoisliúntais | 219,918 | 262,263 | 230,796 |
| D.8 | Ilghnéitheach | 9,649 | 9,340 | 17,929 |
| D.9 | Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 54,702 | 51,996 | 55,912 |
| — | *Tionscnaimh speisialta oideachais aosaigh* [1] | — | — | *43,851* |
| **Deontais agus seirbhísí tríú leibhéal agus breisoideachais** | | | | |
| E.1 | Tacaíocht do mhic léinn | 336,383 | 336,351 | 355,057 |
| E.2 | Scoláireachtaí ollscoile | 1,700 | 1,672 | 1,654 |
| E.3 | An tÚdarás um Ard-Oideachas - deontas-i-gcabhair le haghaidh costas ginearálta | 5,358 | 5,358 | 5,037 |
| E.4 | An tÚdarás um Ard-Oideachas - deontais reatha ghinearálta d'ollscoileanna agus do choláistí, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'fhorais shainithe ardoideachais eile (deontas-i-gcabhair) | 1,118,804 | 1,118,804 | 1,177,032 |
| E.5 | Coláistí oiliúna le haghaidh bunmhúinteoirí seachas na cinn a mhaoinítear tríd an Údarás um Ard-Oideachas | 11,555 | 10,997 | 11,469 |
| E.6 | An Ciste Straitéiseach Nuálaíochta | 4,000 | 750 | 14,000 |
| E.7 | Ospidéal Déadliachta Bhaile Átha Cliath - deontas oideachais déidliachta (deontas-i-gcabhair) | 11,676 | 11,676 | 11,986 |
| E.8 | Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (deontas-i-gcabhair) | 6,856 | 6,856 | 7,020 |

| Seirbhís | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Deontais agus seirbhísí tríú leibhéal agus breisoideachais (ar leanúint)** | | | | |
| E.9 | Deontas i leith táillí teagaisc d'fhorais shainithe tríú leibhéal seach-Údaráis um Ard-Oideachas | 5,200 | 4,595 | 5,018 |
| E.10 | Ilghnéitheach | 300 | 250 | 418 |
| E.11 | Deontais d'fhorais tríú leibhéal áirithe | 12,350 | 12,064 | 17,149 |
| E.12 | Maolú míbhuntáiste | 13,200 | 16,200 | 16,000 |
| E.13 | Gníomhaíochtaí taighde agus forbartha | 38,500 | 37,615 | 38,549 |
| E.14 | Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | 1,664 | 1,664 | 1,276 |
| **Seirbhísí caipitil** | | | | |
| F.1 | Tógáil, trealmhú agus feistiú scoileanna náisiúnta agus scoileanna dara leibhéal | 357,000 | 346,878 | 455,074 |
| F.2 | Costais na comhpháirtíochta príobháidí poiblí | 52,200 | 50,949 | 54,632 |
| F.3 | Deontais tógála agus costais chaipitil d'ollscoileanna agus do choláistí, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'fhorais shainithe ardoideachais | 65,000 | 55,077 | 77,320 |
| **Forbairt Scileanna** | | | | |
| G.1 | FÁS - Riarachán agus costais ghinearálta | 83,466 | 81,466 | 85,491 |
| G.2 | FÁS - Tacaíochtaí oiliúna agus lánpháirtithe | 23,057 | 20,600 | 40,267 |
| G.3 | Caiteachas ilghnéitheach | 10 | 15 | — |
| G.4 | FÁS - Caipiteal | 3,000 | 4,000 | 4,000 |
| G.5 | FÁS - Íocaíochtaí pinsin a eascraíonn ón Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) | 27,270 | 29,270 | 30,500 |
| G.6 | An Ciste Eorpach don Domhandú | 1,060 | 240 | 1,055 |

| Seirbhís | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Forbairt Scileanna (ar leanúint)** | | | | |
| G.7 | Clár oibriúcháin um fhorbairt acmhainní daonna - cúnamh teicniúil | 750 | 371 | 578 |
| G.8 | Deontais do Choistí Gairmoideachais agus d'eagraíochtaí eile áirithe i leith clár breisoideachais [1] | 254,266 | 244,154 | — |
| — | *Clár Leonardo* | — | — | *140* |
| **Ollchaiteachas** | | **8,671,643** | **8,603,567** | **8,866,362** |
| *Bain de:* | | | | |
| H. | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **608,933** | **580,513** | **617,483** |
| **Glanchaiteachas** | | **8,062,710** | **8,023,054** | **8,248,879** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr i leith na bliana | 39,656,013 | 30,540,004 |
| Suim iarchurtha le tabhairt suas | 19,000,000 | — |
| Farasbarr le tabhairt suas | 20,656,013 | 30,540,004 |

[1] Le héifeacht ó Eanáir 2012, cuireadh Fo-mhírcheann G.8 ar bun chun comhdhlúthú a dhéanamh ar an gcaiteachas is cuí don Bhreisoideachais a íoctar go príomha trí na Coistí Gairmoideachais. Tugadh an caiteachas seo chun cuntais roimhe sin i gceithre fho-mhírcheann laistigh de Vóta 26: Fo-mhírchinn B.1. (Oideachas Aosach), páirtmhaoinithe trí Fho-mhírcheann D.6. (Deontais Bhliantúla do Choistí Gairmoideachais), páirtmhaoinithe trí Fho-mhírcheann D.8. (Fo-mhírcheann Ilghnéitheach) agus Fo-mhírcheann D.9. (Tionscnaimh Oideachais Aosaigh).

# Nótaí ar an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas ar riarachán | | 87,606 | 89,753 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 8,515,961 | 8,776,609 |
| **Ollchaiteachas** | | **8,603,567** | **8,866,362** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **580,513** | **617,483** |
| **Glanchaiteachas** | | **8,023,054** | **8,248,879** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (14,213) | | |
| Dímheas | 1,013 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 6,229 | (6,971) | 27,105 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (37,398) | (42,641) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Meadú ar fhabhruithe deiridh | 2,783 | | |
| Laghdú ar stoc | (22) | | |
| | | 2,761 | 20,325 |
| **Caiteachas díreach** | | **7,981,446** | **8,253,668** |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1**)** | | 23,652 | 23,820 |
| Measchíosanna | | 2,566 | 2,508 |
| **Iomlán an chostais oibriúcháin** | | **8,007,664** | **8,279,996** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 26 a tabhaíodh in áit eile

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 7 Airgeadas | 417 | 50 |
| Vóta 12 Aoisliúntas | 17,861 | 17,995 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 5,048 | 5,253 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | — | 63 |
| An Príomh-Chiste - Pinsin na nAirí | 326 | 459 |
| | **23,652** | **23,820** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.3 | 125,486 | 118,140 |
| **Sócmhainní caipitil á bhforbairt** | 2.4 | 56,738 | 21,822 |
| | | **182,224** | **139,962** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.5 | 77,768 | 56,117 |
| Stoic | 2.6 | 117 | 95 |
| Réamhíocaíochtaí | | 4,569 | 7,437 |
| Ró-íocaíochtaí i leith aisghabhálacha | | 3,966 | 3,150 |
| Aisghabháil chostais na foirne ar Iasacht | | 172 | 1,235 |
| Ioncam fabhraithe | | 221 | 202 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.7 | 3,542 | 6,451 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **90,355** | **74,687** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 12,288 | 12,271 |
| Ioncam iarchurtha | | 7 | 91 |
| Aisghabháil phinsin d'údaráis áitiúla | | — | 1,416 |
| Aisghabháil tuarastail do ranna agus do ghníomhaireachtaí eile | | 2 | 5 |
| Cistí an Aontais Eorpaigh ar fionraí | | 52,401 | 49,619 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 1,341 | 1,988 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.9 | 27,567 | 10,961 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **93,606** | **76,351** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **(3,251)** | **(1,664)** |
| **Glansócmhainní** | | **178,973** | **138,298** |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cuntas Maoinithe an Stáit** | 2.1 | **178,973** | **138,298** |

## 2.1 Cuntas Maoinithe an Stáit

| | Nóta | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | 138,298 | 143,087 |
| Maoiniú tarraingthe anuas | 2.2 | 8,046,706 | 8,272,699 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíosanna | 1 | 2,566 | 2,508 |
| Costas iomlán oibriúcháin | 1 | (8,007,664) | (8,279,996) |
| nithe eile neamhairgid | | (933) | — |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | **178,973** | **138,298** |

## 2.2 Maoiniú Tarraingthe Anuas

| | Nóta | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 8,062,710 | 8,279,419 |
| Suim iarchurtha le tabhairt suas | Cuntas | (19,000) | — |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (20,656) | (30,540) |
| | | 8,023,054 | 8,248,879 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | 23,652 | 23,820 |
| **Maoiniú iomlán tarraingthe anuas** | | **8,046,706** | **8,272,699** |

## 2.3 Sócmhainní Caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2012 | 116,050 | 7,761 | 19,831 | 143,642 |
| Breiseanna | 14,110 | 3 | 475 | 14,588 |
| Diúscairtí | (6,201) | (126) | (2,198) | (8,525) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2012 | 123,959 | 7,638 | 18,108 | 149,705 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2012 | — | 7,130 | 18,372 | 25,502 |
| Dímheas i leith na bliana | — | 224 | 789 | 1,013 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (121) | (2,175) | (2,296) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2012 | — | 7,233 | 16,986 | 24,219 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012** | **123,959** | **405** | **1,122** | **125,486** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | **116,050** | **631** | **1,459** | **118,140** |

**Nóta Ginearálta**

**1. An Chéad Leibhéal**

1.1 Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna 44 láithreán chéad leibhéil agus iad á rialú/bainistiú aige freisin.

1.2.(i) Tá trí Ghaelscoil is seasca agus sé Scoil Ilchreidmheach is fiche ag feidhmiú ar láithreáin, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, i gcóiríocht bhuan nó i gcóiríocht shealadach agus á rialú/mbainistiú ag Boird Bhainistíochta. Tá dhá Phobalscoil Náisiúnta ag feidhmiú ar láithreáin, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, i gcóiríocht bhuan nó i gcóiríocht shealadach agus á rialú/mbainistiú ag bainisteoir amháin arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

1.2.(ii) Tá trí láithreán agus trí fhoirgneamh de Scoileanna Ilchreidmheacha agus aon láithreán amháin agus aon fhoirgneamh amháin de Scoil Chaitliceach i seilbh an Aire Oideachais agus Scileanna faoi léas fadtréimhseach ach tá siad á rialú/mbainistiú ag Boird Bhainistíochta.

1.2.(iii) Tá naoi gcinn de Mhodhscoileanna, ar leis an Stát iad nó atá léasaithe ag an Stát, á rialú/mbainistiú ag Boird Bhainistíochta.

1.3 Ba é móriomlán na Scoileanna Náisiúnta á bhí ag feidhmiú ar 31 Nollaig 2012 ná trí mhíle, dhá chéad nócha a trí. Cé is moite de 1.2(i) go 1.2(iii) thuas, scoileanna sainchreidmheacha is ea a bhformhór agus tá siad faoi úinéireacht an údaráis dheoisigh ábhartha.

1.4 Tar éis achtú Acht na Leanaí, 2001, tá aon scoil Choinneála Leanaí amháin fós dílsithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna. Aistreofar an scoil seo chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tar éis cur i gcrích gach gnáthaimh riachtanaigh dhlíthiúil. Bainistítear an scoil ag Bord Bainistíochta.

1.5 Tá an tAire ar dhuine den bheirt ráthóir ar Lárionad Uathachais Choillidh Chanannáin (Gabháltais) Teoranta, ar cuideachta atá teoranta ag ráthaíocht é agus ar úinéir agus sealbhóir maoine i gContae Ard Mhacha é, maoin a úsáidtear do Lárionad Uathachais Choillidh Chanannáin.

**2. An Dara Leibhéal**

2.1 Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna fiche láithreán i gcomhair scoileanna dara leibhéal agus tá siad seo á rialú/mbainistiú ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

2.2 Tá ceithre cinn déag de scoileanna Cuimsitheacha, naoi gcinn is seachtó de Phobalscoileanna agus ceithre Mheánscoil, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, á rialú/mbainistiú ag Boird Bhainistíochta.

2.2(i) Dílsítear dhá chéad caoga a trí de Ghairmscoileanna do Choistí Gairmoideachais faoin Acht Oideachais Ghairme Beatha 1930.

2.2(ii) Tá trí chéad seachtó a haon de Mheánscoileanna faoi úinéireacht phríobháideach.

### 2.4 Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil á bhForbairt

| | Conarthaí tógála | Feidhmchláir intí ríomhaireachta | Iomláin |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2012 | 20,843 | 979 | 21,822 |
| Coigeartú na bliana a d'imigh | — | (933) | (933) |
| | 20,843 | 46 | 20,889 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim i leith na bliana | 37,266 | 132 | 37,398 |
| Aistrithe go clár na sócmhainní | (1,371) | (178) | (1,549) |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2012 | 56,738 | — | 56,738 |

### 2.5 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 81,166 | 61,659 |
| Orduithe gan íoc | (3,398) | (5,542) |
| | 77,768 | 56,117 |

### 2.6 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Páipéarachas | 76 | 56 |
| Tomhaltáin Teicneolaíochta Faisnéise | 41 | 39 |
| | 117 | 95 |

### 2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Íocaíochtaí Gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí | 594 | 1,345 |
| Fochuntasóirí | 107 | 117 |
| Aiscí Pósta, Scoir agus Báis | — | 310 |
| Tuarastail In-fhorchúitithe | 152 | 538 |
| Clár Leathanbhanda na Scoileanna | 2,160 | 3,580 |
| Pasanna Taistil | 200 | 151 |
| Dlite ón Stát - ar fionraí | 63 | 5 |
| Aisghabháil Sheirbhísí Comhroinnte na nOifigí | 183 | 269 |
| An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre | 48 | 52 |
| Ilghnéitheach | 35 | 84 |
| | 3,542 | 6,451 |

## 2.8 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile

| ag 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Dlite don Stát | 298 | 68 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| An Bord um Shásamh | 56 | 681 |
| Aisíoc Pinsin | 188 | 242 |
| Fáltais bhreise atá le híoc leis an Státchiste | 2 | 3 |
| Aisce Pósta, Scoir agus Báis | 52 | — |
| Dearlaic Erasmus Smith | 19 | 127 |
| Clár Tógála Fuinnimh | 454 | 586 |
| Banc Ceannais | 135 | 173 |
| Pinsean do Chéilí agus Leanaí | 134 | 75 |
| An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre | 1 | 11 |
| Ilghnéitheach | 2 | 22 |
| | 1,341 | 1,988 |

## 2.9 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le tabhairt suas | 39,656 | 30,540 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (12,089) | (19,579) |
| Glandliteanas don Státchiste | 27,567 | 10,961 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 77,768 | 56,117 |
| Iarmhéideanna dochair ar fionraí | 3,478 | 6,446 |
| Dlite ón Stát - ar fionraí | 63 | 5 |
| | 81,309 | 62,568 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (298) | (68) |
| Cistí an Aontais Eorpaigh ar fionraí | (52,401) | (49,619) |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile ar fionraí | (1,043) | (1,920) |
| | (53,742) | (51,607) |
| | 27,567 | 10,961 |

## 2.10 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **A. Ceangaltais Iltaobhacha** | | |
| Ceangaltais ar dealraitheach go dtiocfaidh siad i bhfeidhm sna blianta le teacht maidir le:- | | |
| Fo-mhírchinn soláthair | 254 | 247 |
| Fo-mhírchinn deontais | 3,198 | 2,187 |
| | | |
| **B. Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla** | | |
| | | |
| **1. Ceangaltais Chaipitil is Infheidhmithe le Dlí** | | |
| Caiteachas sa bhliain 2012 | 458,734 | 593,700 |
| Ceangaltais atá le cur i bhfeidhm sna blianta le teacht | 1,753,313 | 1,409,028 |

**Ceangaltais Chaipitil is Infheidhmithe le Dlí**

Tionscadail chaipitil a chuimsíonn caiteachas iomlán €12,697,380 nó níos mó

| | **Caiteachas go 31 Nollaig 2011** | **Caiteachas i 2012** | **Ceangaltais is infheidhmithe le dlí atá le cur i bhfeidhm sna blianta le teacht** | **Iomláin** |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Fo-mhírcheann F.1.** | | | | |
| 1. Pobalscoil Mhullach Íde | 13,846 | 14 | 7 | 13,867 |
| 2. Pobalscoil Eochaille | 14,580 | — | 14 | 14,594 |
| 3. Pobalcholáiste Bhaile Fiobail[1] | 20,065 | 14 | 214 | 20,293 |
| 4. Pobalcholáiste Bhaile Lotrail | — | 4,324 | 8,722 | 13,046 |
| **Fo-mhírcheann F.3.** | | | | |
| 5. Baile Átha Luain - Foirgneamh Faisnéisíochta Innealtóireachta[2] | 34,209 | 4,143 | 1,407 | 39,759 |
| 6. Ollscoil na hÉireann, Corcaigh - Leigheas | 20,944 | 1,602 | 135 | 22,681 |
| 7. Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath - Lárionad Eolaíochta[3] | 15,561 | 17,509 | 27,704 | 60,774 |
| 8. Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad - Leabharlann | 6,286 | 11,757 | 1,948 | 19,991 |
| 9. Coláiste na Tríonóide, Báile Átha Cliath - Leigheas | 18,923 | 1,697 | 604 | 21,224 |
| 10. Coláiste Mhuire gan Smál - Forbairt an Champais - Céim 1a/ bonneagar | 15,546 | 343 | — | 15,889 |
| 11. Coláiste Mhuire gan Smál - Forbairt an Champais - Céim 1b/c bonneagar | 23,350 | 802 | — | 24,152 |
| 12. Coláiste Phádraig, Droim Conrach - Forbairt an Champais[4] | 7,331 | — | 32,405 | 39,736 |
| 13. Ollscoil Luimnigh - Scoil an Leighis | 10,039 | 2,942 | 890 | 13,871 |

[1] Is comhthionscadal bunoideachais/iar-bhunoideachais é tionscadal Bhaile Fiobail. Is é costas iomlán an tionscadail ná €24.458m dá maoiníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna 82.97%. Maoiníonn Comhairle Chontae Fhine Gall an fuílleach. Tá costas carnach an tionscadail seo tugtha bord ar bhord leis an eolas is déanaí ó bhí 2011 ann.

[2] Tá costas an tionscadail seo tugtha bord ar bhord leis an eolas is déanaí ó bhí 2011 ann.

[3] Tá costas an tionscadail seo tugtha bord ar bhord leis an eolas is déanaí ó bhí 2011 ann.

[4] Cuireadh an conradh i dtaca le Coláiste Phádraig, Droim Conrach amach ar thairiscint arís sa bhliain 2012 tar éis leachtú an chonraitheora bhunaidh. Ag 31 Nollaig 2012 ní raibh conraitheoir nua ceaptha go fóill cé go raibh soláthar déanta don chonradh. Ba éard ba chúis leis an moill ó thaobh an conradh a thabhairt chun críche ná na deacrachtaí maidir le banna a dhaingniú.

**C. Costais Chaipitil ar Thionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí[1]**

| | Caiteachas go 31 Nollaig 2011 | Caiteachas i 2012 | Ceangaltais is infheidhmithe le dlí atá le cur i bhfeidhm sna blianta le teacht | Iomláin |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1. Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann - CPP | 17,782 | 1,697 | 46,370 | 65,849 |
| 2. Dornán Cúig Threoirscoil | 21,028 | 2,262 | 70,322 | 93,612 |
| 3. Scoil Cheoil Chorcaí | 14,061 | 1,612 | 63,049 | 78,722 |
| 4. An Chéad Dornán Scoileanna CPP | 10,450 | 1,862 | 72,409 | 84,721 |
| 5. An Dara Dornán Scoileanna CPP | 11,765 | 2,000 | 96,750 | 110,515 |
| 6. 3rd Cuachadh Scoileanna, Scoileanna CPP | — | — | 131,236 | 131,236 |

[1] Táthar ag íoc as an tionscadal ó Fho-mhírcheann F.2

***Nóta ar Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí***

Tá sé chonradh faoi leith déanta ag an Roinn go dtí seo chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú faoi shamhail na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP).

Tá dhá thionscadal tríú leibhéal, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann, Corcaigh agus Scoil Cheoil Chorcaí i gceist chomh maith le ceithre thionscadal scoileanna, (Cúig Threoirscoil, Dornáin Scoileanna 1,2 & 3). Mairfidh gach ceann de na sé chonradh cúig bliana is fiche. Leanfaidh na foirgnimh de bheith in úinéireacht an Stáit fad a bheidh feidhm ag an gconradh, agus tabharfar ceadúnas don Chuideachta CPP chun na saoráidí a thógáil agus chun iad a chothabháil ar feadh tréimhse cúig bliana is fiche.

***Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann***

Tugadh Tionscadal CPP Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann chun críche i nDeireadh Fómhair 2004 agus ba é Oideachas Fócais Éireann (Focus Education Ireland) an comhpháirtí ón earnáil phríobháideach. Ba é Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann an chéad CPP tríú leibhéal a críochnaíodh agus a chuaigh i mbun oibrithe in Éirinn. Cuireann an coláiste saoráidí úrscothacha oideachais agus oiliúna ar fáil chun freastal ar riachtanais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus ar riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann.

***CPP Cúig Threoirscoil***

Tá na cúig iar-bhunscoil lonnaithe i nDún Mánmhaí agus i mBaile an Chollaigh, Co. Chorcaí, i dTobar an Choire, Co. Shligigh, i gCluain Eois, Co. Mhuineacháin, agus i Sionainn, Co. an Chláir. Rinneadh an conradh i leith CPP Cúig Threoirscoil a shíniú le Tionscadail Jarvis i Samhain 2001. Thosaigh tréimhse oibriúcháin na scoileanna in Eanáir 2003.

***Scoil Cheoil Chorcaí***

Ba i Meán Fómhair 2005 a svíníodh conradh le Hochtief chun Scoil Cheoil Chorcaí a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Críochnaíodh Scoil Cheoil Chorcaí ar 16 Iúil 2007.

***An Chéad Dornán Scoileanna CPP***

Ba i Márta 2009 a síníodh conradh le Comhpháirtíochtaí Maquarie ar son na hÉireann (Maquarie Partnerships for Ireland) chun na ceithre iarbhunscoil i bPort Laoise, Contae Laoise (dhá scoil), i mBeannchar agus ar an bhFéar Bán (an dá cheann acu i gContae Uíbh Fhailí) a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Thosaigh gach ceann de na ceithre scoil seo ag feidhmiú i Meán Fómhair 2010.

***An Dara Dornán Scoileanna CPP***

Ba i Meitheamh 2010 a síníodh conradh le Comhpháirtíochtaí Maquarie ar son na hÉireann (Maquarie Partnerships for Ireland) chun cúig iar-bhunscoil agus bunscoil amháin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Thosaigh gach ceann de na sé scoil seo ag feidhmiú amach i ndeireadh na bliana 2011.

***An Tríú Dornán Scoileanna CPP***

Síníodh conradh do dhearadh, tógáil, maoiniú agus feidhmiú seacht gcinn d'iarbhunscoileanna agus bunscoil amháin le CPP BAM i Mí na Samhna 2012.

## 2.11 Dliteanais Aibithe

Níorbh fhéidir próiseáil billí áirithe a bhí ar láimh ag deireadh na bliana a thabhairt chun críche de dheasca na sprioc-amanna inmheánacha próiseála íocaíochta a bhí riachtanach chun é a chur ar chumas na Roinne ríomhaistrithe airgid a chur i gcrích faoi sprioc-amanna na mbanc tráchtála. Ag éirí as na teorannuithe próiseála seo, bhí dliteanais aibithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna arbh éard a bhí iontu ná €15,865 go hiomlán ar 31 Nollaig 2012. Ba í an tsuim choibhéiseach ar 31 Nollaig 2011 ná €107,029.

# 3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fo-mhírcheann caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfo-mhírcheann riaracháin A.1. - A.9.).

I gcomhlíonadh na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus le ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe bhain an Roinn Oideachais agus Scileanna feidhm as próiseas airgeadais ar a dtugtar virement sa bhliain 2012, amhail a rinneadh i mblianta eile. Lig sé seo don Roinn fónamh a bhaint as coigilteas i bhfo-mhírcheann amháin nó níos mó ná fo-mhírcheann amháin chun riar ar róchaiteachas i bhfo-mhírchinn eile. Tagraítear do Chodanna B.1.1.11 agus C.2 (6-13) de na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí. I bhfianaise an fhaireacháin leanúnaigh ar threochtaí caiteachais sa Roinn, baineadh feidhm as virement i dtaca le fo-mhírchinn áirithe ina ndeachaigh, mar shampla, scéimeanna/tionscadail chun cinn ní ba thapúla ná mar a tuaradh i dtosach nó ina raibh éileamh/costais sa bhliain 2012 ní ba mhó ná mar a measadh i dtosach.

Thairis sin, ó thaobh an chaipitil de agus i gcomhréir le Comhaontú an Chlúdaigh Chaipitil, d'fhógair an Roinn go dtabharfaí caipiteal anonn, caipiteal ar fiú €19 milliún go hiomlán é, atá á thabhairt ar aghaidh ón mbliain 2012 agus atá le cur i bhfeidhm i gclár caipitil na bliana 2013.

| Fo-mhírcheann | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha (A.3) | 151 | Eascraíonn an coigilteas go mór mór ó na hiarrachtaí leanúnacha ar bharainneachtaí a bhaint amach ó thaobh an chaiteachais ar riarachán. |
| Gníomhaíochtaí taighde agus forbartha (B.5.) | 106 | Eascraíonn an coigilteas go príomha ó leithdháileadh níos lú do Léargas mar gheall ar chostais laghdaithe na foirne sa chomhlacht sin. |
| Costais na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (B.7.) | 510 | D'eascair coigilteas na bliana 2012 don chuid ba mhó ón moill a tharla ó thaobh folúntais san fhoireann a líonadh agus beartú tosaíochta na oibre a bhí bainteach leis sin. |
| An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (B.9.) | 528 | D'eascair an coigilteas go mór mór ón líon folúntas neamhlíonta, ó fhoireann a bheith ar saoire gan phá chomh maith leis an iarmhairt a bhí ag an líon daoine a chuaigh ar scor. |
| Míbhuntáiste oideachasúil (Maoiniú Cuntas Díomhaoin) (B.10) | 1,199 | D'eascair an coigilteas go príomha toisc nár ritheadh an reachtaíocht chun an tAcht um Chuntais Dhíomhaoine a leasú go dtí lár na bliana 2012, agus ansin níorbh fhéidir tionscadail chaipitil nua ná tionscadail reatha nua a chur ar aghaidh faoi dheireadh na bliana. D'eascair coigilteas ní ba lú toisc gur lú ná mar a réamh-mheasadh na héilimh chríochnaitheacha maidir le trí scéim mhaoinithe nuair a faomhadh na scéimeanna ar deireadh. |
| Straitéis sláinte gairme le haghaidh múinteoirí céad agus dara leibhéal (B.11) | 405 | Baineadh an coigilteas amach mar bhí praghas an chonartha ní ba lú nuair a roghnaíodh soláthraí nua i gcomhair na Seirbhíse Cúnaimh d'Fhostaithe. |
| Sásamh i leith Foras Cónaithe (B.12) | 31,858 | D'eascair an coigilteas i 2012 go príomha mar gheall ar an líon iarratas a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis a cuireadh i gcrích ag an mBord um Shásamh. |

| Fo-mhírcheann | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Maoiniú Comhoibrithe Thuaidh/Theas (B.15) | 1,369 | D'eascair timpeall is €1m den choigilteas toisc nach raibh aon iarratas ar tharraingt anuas maidir le híocaíochtaí comhoiriúnaithe faoi Chiste George Mitchell ó Chomhaontas na Stát Aontaithe - na hÉireann. D'eascair an chuid eile den choigilteas go príomha ó leibhéal an chaiteachais ar na tionscadail Thuaidh-Theas a bheith ní ba lú ná an méid a bhí tuartha. |
| Ilghnéitheach (B.17.) | 887 | Glanchoigilteas is ea an coigilteas ar an bhfo-mhírcheann ilghnéitheach seo, ina raibh seacht bhforannán sa bhliain 2012, agus eascraíonn sé go príomha ó réimse an tsásaimh, go háirithe, ón gcaiteachas ar chuimhneachán an tsásaimh a bheith ní ba lú ná mar a measadh roimh ré agus d'eascair a thuilleadh coigiltis ó athchumrú ar sholáthar an eolais agus ar sholáthar na seirbhíse atreorúcháin. |
| Gníomhaíochtaí um theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide scoileanna (B.18) | 3,729 | D'eascair an coigilteas go mór mór toisc go raibh caiteachas an Lárionaid Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas ní ba lú mar mar a bhí sna meastacháin de thoradh an lánchoisc ar an earcaíocht sa tseirbhís phoiblí. Lena chois sin i rith 2012 bhí an caiteachas ar chostais chíosa faoi Chlár Leathanbhanda na Scoileanna ní ba lú ná mar a tuaradh toisc gur ar bhonn agaithe a rinneadh feidhmiú céimneach na seirbhísí nua i gcaitheamh na bliana. |
| An Coimisiún um Dhrochúsáid Leanaí (B.19.) | 6,704 | D'eascair an coigilteas sa bhliain 2012 mar níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a oiread d'íocaíochtaí a thabhairt chun críche agus a tuaradh maidir le hionadaíocht dhlíthiúil tríú páirtí. |
| Deontais agus seirbhísí eile (C.5.) | 7,232 | Glanchoigilteas is ea an coigilteas ar an bhfo-mhírcheann seo, ina bhfuil trí fhorannán déag. Eascraíonn thart ar €4.5m den choigilteas ar fho-mhírcheann na cóiríochta sealadaí toisc beagnach 200 níos lú foirgneamh réamhdhéanta a bheith tógtha ar cíos sa bhliain 2012 chomh maith le ceisteanna uainithe maidir le billí a bhí ina siocair le €1.5m den choigilteas €4.5m. Ina theannta sin, bhí an caiteachas ar fho-mhírchinn ilghnéitheacha chun tacú le tionscnaimh éagsúla, agus tionscnaimh oideachais speisialta san áireamh, ní ba lú ná mar a measadh roimh ré. |
| Aoisliúntas srl. Múinteoirí (C.6.) | (22,011) | D'eascair an róchaiteachas ar fho-mhírcheann an aoisliúntais bhunoideachais go mór mór mar chuaigh 159 mball foirne ar scor de bhreis ar an líon a bhí measta (880 measta in aghaidh 1,039 a chuaigh ar scor dáiríre) roimh thréimhse na neamhairde ar 29 Feabhra 2012. Cuireadh an róchaiteachas síos freisin don éifeacht charnach den líon ní ba mhó daoine a raibh íocaíochtaí leanúnacha pinsin á bhfáil acu. |
| Tionscnaimh oideachais speisialta (C.7) | 1,103 | D'eascair an coigilteas sa bhliain 2012 go mór mór mar osclaíodh scoileanna nua do pháistí faoi uathachas, agus dá bhrí sin d'aistrigh na costais ghaolmhara phárolla ón bhfo-mhírcheann seo chuig fo-mhírchinn phárolla mhúinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta na Roinne. |

| **Fo-mhírcheann** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Aoisliúntas múinteoirí meánscoileanna, scoileanna cuimsitheacha agus pobalscoileanna (D.4.) | (20,293) | D'eascair an róchaiteachas ar fho-mhírcheann an aoisliúntais iar-bhunoideachis go mór mór mar chuaigh 109 mball foirne ar scor de bhreis ar an líon a bhí measta (700 measta in aghaidh 809 a chuaigh ar scor dáiríre) roimh thréimhse na neamhairde ar 29 Feabhra 2012. |
| Íocaíochtaí le húdaráis áitiúla maidir le muirir aoisliúntais (D.7.) | (42,345) | D'eascair an róchaiteachas ar fho-mhírcheann aoisliúntais seo na gCoistí Gairmoideachais agus na nInstitiúidí Teicneolaíochta de bharr líon méadaithe na ndaoine nua a chuaigh ar scor sa bhliain 2012 chomh maith le costas gaolmhar a bpinsin agus a n-aiscí, (580 measta in aghaidh 955 a chuaigh ar scor dáiríre). |
| Coimisiún na Scrúduithe Stáit (D.9.) | 2,706 | Is féidir €1.2m de choigilteas Choimisiún na Scrúduithe Stáit sa bhliain 2012 a chur síos d'athrú sa mhodheolaíocht ó thaobh feitheoirí arna gceapadh ag scoileanna a íoc, is é sin athrú ó shamhail laethúil táille go samhail sheisiúnach táille. Bhain an chuid eile den choigilteas go príomha le bearta a tugadh isteach chun costais na foirne ar chonradh a laghdú. |
| Coláistí oiliúna le haghaidh bunmhúinteoirí seachas na cinn a mhaoinítear tríd an Údarás um Ard-Oideachas (E.5.) | 558 | D'eascair timpeall is €0.4m den choigilteas toisc nach ndeachaigh an caiteachas ar thionscnaimh áirithe thar na céimeanna pleanála sa bhliain 2012. D'eascair an chuid eile den choigilteas go príomha ó ráta glactha na n-áiteanna ar an gceathrú bliain roghnach den chlár um Baitsiléir san Oideachas a bheith ní ba lú. |
| An Ciste Straitéiseach Nuálaíochta (E.6.) | 3,250 | D'eascair an coigilteas i 2012 mar gheall ar mhoill a bhí ann maidir le bunú roinnt tionscadal náisiúnta ardáin CRIA agus tosú a gcuid clár oibre ina dhiaidh sin. |
| Deontas i leith táillí teagaisc d'fhorais shainithe tríú leibhéal seach-Údaráis um Ard-Oideachas (E.9.) | 605 | D'eascair an coigilteas mar bhí an riachtanas le maoiniú i gcás thionscnamh na dtáillí in aisce níb ísle ná mar a réamh-mheasadh agus mar bhí méadú i Ranníocaíocht na Mac Léinn. |
| Maolú míbhuntáiste (E.12) | (3,000) | D'eascair an róchaiteachas €3m mar íocadh suim bhreise €3m leis an gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn sa bhliain 2012 chun a gcroí-leithdháileadh a fhorlíonadh. D'eascair an riachtanas breise seo le maoiniú mar fhreagra ar leibhéal méadaithe an riachtanais airgeadais i measc na mac léinn ardoideachais le maoiniú ón gciste. |

| Fo-mhírcheann | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Deontais tógála agus costais chaipitil d'ollscoileanna agus do choláistí, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'fhorais shainithe ardoideachais(F.3.) | 9,923 | D'eascair an coigilteas sa bhliain 2012 ó mhoill ó thaobh Coláiste Phádraig, Droim Conrach, a chur ar aghaidh mar ba ghá an conradh sin a chur amach ar thairiscint arís tar éis leachtú an chonraitheora bhunaidh. |
| FÁS - Tacaíochtaí oiliúna agus lánpháirtithe (G.2.) | 2,457 | D'eascair an coigilteas go mór mór mar bhí laghduithe Cháinaisnéis na bliana 2012 ar na liúntais oiliúna ina siocair le coigilteas níb airde ná mar a measadh roimh ré agus le ráta glactha ar chláir oiliúna áirithe, agus oiliúint phrintíseachta san áireamh, a bheith ní ba lú ná mar a réamh-mheasadh. |
| FÁS – Caipiteal (G.4) | (1,000) | D'eascair an róchaiteachas ón gcinneadh dul ar aghaidh le huasghrádú na saoráidí printíseachta i Lárionad Oiliúna na Gaillimhe. |
| FÁS - Íocaíochtaí pinsin a eascraíonn ón Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) (G.5.) | (2,000) | D'eascair an róchaiteachas ar an bhfo-mhírcheann íocaíochta um pinsin FÁS mar ba mhó ná mar a réamh-mheasadh líon na bpinsinéirí a chuaigh ar scor sa bhliain 2012. |
| An Ciste Eorpach don Domhandú (G.6.) | 820 | D'eascair an coigilteas sa bhliain 2012 toisc go bhfuil na tacaí fiontraíochta d'oibrithe ar intofa chun an Chiste Eorpaigh don Domhandú iad á stiúradh ag an éileamh agus ag brath ar an ráta glactha i measc na n-úsáideoirí deiridh. |
| Clár oibriúcháin um fhorbairt acmhainní daonna - cúnamh teicniúil (G.7.) | 379 | D'eascair an coigilteas go príomha ó laghdú ar chaiteachas ar sholáthar na foirne. Thairis sin, cuireadh siar roinnt caiteachais a bhí beartaithe ar ghníomhaíocht thrasnáisiúnta go dtí go n-aithneodh an t-údarás bainistíochta tionscadail oiriúnacha. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **H.1. Fáltais Riaracháin agus Seirbhísí Eile** | | | | |
| 1. | Scéimeanna ilghnéitheacha aoisliúntais, lena n-áirítear an Chomhairle Mhúinteoireachta agus comhlachtaí ilghnéitheacha eile | 435 | 432 | 436 |
| 2. | Ranníocaíochtaí ón Aontas Eorpach i gcomhair gníomhaíochtaí oideachais | 665 | 419 | 750 |
| 3. | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa | 12,900 | 1,963 | 28,782 |
| 4. | Fáltais maidir le Clár na Síochána | 10 | — | 71 |
| 5. | Ilghnéitheach | 651 | 961 | 861 |
| 6. | Maoiniú Cuntas Díomhaoin | 1,600 | 401 | 1,624 |
| **H.2. Fáltais an Chéad Leibhéil** | | | | |
| 1. | Aoisliúntas srl. na Múinteoirí Náisiúnta: | | | |
| | (i) Aisíoc aiscí faoi na scéimeanna aoisliúntais, 1934 go 1958, srl. | 460 | 23 | 461 |
| | (ii) Ranníocaíochtaí leis na scéimeanna aoisliúntais | 81,890 | 79,238 | 80,926 |
| | (iii) Ranníocaíochtaí le Scéim Phinsin do Chéilí agus Leanaí na Múinteoirí | 29,310 | 28,073 | 28,001 |
| 2. | Ilghnéitheach | 1,325 | 3,192 | 1,876 |
| 3. | Ranníocaíochtaí leis an Scéim Aoisliúntais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta, d'Airígh agus don Fhoireann Chléireachais i Scoileanna Náisiúnta (Fo-mhírcheann C.4.) | 7,100 | 7,261 | 6,979 |
| 4. | Aisghabháil thuarastail srl. na múinteoirí ar iasacht agus athghreim ar ró-íocaíochtaí tuarastail | 4,000 | 4,457 | 4,262 |
| 5. | Muirear láimhseála i dtaca le hasbhaintí áirithe a dhéanamh ó thuarastail na múinteoirí | 344 | 331 | 344 |
| **H.3. Fáltais Dara Leibhéal agus Fáltais Bhreisoideachais** | | | | |
| 1. | Aoisliúntas srl. na múinteoirí meánscoileanna, scoileanna cuimsitheacha agus pobalscoileanna: | | | |
| | (i) Ranníocaíochtaí le scéim aoisliúntais na meánmhúinteoirí | 58,130 | 54,700 | 58,033 |
| | (ii) Ranníocaíochtaí le Scéim Phinsin do Chéilí agus Leanaí na Meánmhúinteoirí | 17,220 | 16,791 | 17,212 |
| | (iii) Aisíoc aiscí faoi Scéim Aoisliúntais na Meánmhúinteoirí | 150 | 4 | 151 |
| 2. | Táillí cúrsa an Athscrúdaithe Ardteistiméireachta | 115 | 81 | 118 |
| 3. | Ilghnéitheach | 950 | 11,317 | 4,868 |
| 4. | Ranníocaíochtaí leis an Scéim Aoisliúntais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta agus do Chúntóirí Cléireachais i Meánscoileanna (Fo-mhírcheann D.3.) | 1,200 | 1,086 | 1,130 |
| 5. | Aisghabháil thuarastail srl. na múinteoirí ar iasacht agus athghreim ar ró-íocaíochtaí tuarastail | 2,700 | 2,547 | 2,785 |
| 6. | Muirear láimhseála i dtaca le hasbhaintí áirithe a dhéanamh ó thuarastail na múinteoirí | 175 | 174 | 175 |

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **H.4. Fáltais FÁS** | | | | |
| 1. | FÁS – pinsin | 3,500 | 2,267 | 4,236 |
| 2. | FÁS – asbhaintí a bhaineann le pinsin | 4,700 | 2,229 | 3,963 |
| **H.5. Asbhaintí ó thaobh Pinsin** | | | | |
| 1. | Fáltais ón asbhaint ó thaobh pinsin ar an luach saothair sa tseirbhís phoiblí | 377,403 | 361,014 | 369,439 |
| **H.6. Caipiteal Ilghnéitheach** | | | | |
| 1. | Caipiteal Ilghnéitheach | 2,000 | 1,552 | — |
| | | **608,933** | **580,513** | **617,483** |

**Míniú ar dhifríochtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a measadh, agus breis is 5% amach ón tsuim a measadh.

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| **H.1. Fáltais Riaracháin agus Seirbhísí Eile** | | |
| Ranníocaíochtaí ón Aontas Eorpach i gcomhair gníomhaíochtaí oideachais | 246 | D'eascair an gannchion sna fáltais toisc gur tharla moill ó thaobh maoiniú a fháil ó Choimisiún an Aontais Eorpaigh. |
| Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa | 10,937 | Eascraíonn an gannchion sna fáltais ón Aontas Eorpach go príomha ó cheist uainithe ó thaobh na fáltais a íoc. |
| Ilghnéitheach | (310) | D'eascair farasbarr sna fáltais i bhfo-mhírcheann ilghnéitheach na leithreasaí i gcabhair toisc go bhfuarthas íocaíochtaí ó Choimisiún an Aontais Eorpaigh chomh maith le leibhéal na bhfáltas ó shochair árachais shóisialaigh a bheith níb airde ná mar a réamh-mheasadh. |
| Maoiniú Cuntas Díomhaoin | 1,199 | Baintear feidhm as an bhfo-mhírcheann seo chun fáltais a bhaineann le caiteachas a thabhaítear ar Scéim Chistí na gCuntas Díomhaoin faoi Fho-mhírcheann B.10. a thabhairt chun cuntais. Déantar ioncam i bhFo-mhírcheann H.1.6 a nascadh le caiteachas ó Fho-mhírcheann B.10 sa dóigh go mbíonn sé neodrach ó thaobh an Státchiste de. D'eascair gannchion sna fáltais ó leibhéal na gníomhaíochta a bheith ní ba lú ná mar a tuaradh ar fho-mhírcheann B.10. |
| **H.2. Fáltais an Chéad Leibhéil** | | |
| Aoisliúntas srl. na Múinteoirí Náisiúnta: Aisíoc aiscí faoi na scéimeanna aoisliúntais, 1934 go 1958, srl. | 437 | Is éard atá sna fáltais faoin bhfo-mhírcheann seo de ghnáth ná íocaíochtaí aonuaire arna ndéanamh ag bunmhúinteoirí chun aiscí a fuarthas roimhe sin a aisíoc d'fhonn an tseirbhís roimh ré a chur ar ais chun críocha na bpinsean. Fágann tosca an fho-mhírchinn seo go bhfuil sé an-deacair leibhéal na bhfáltas in aon bhliain ar leith a shainiú go cruinn in aon chor. D'eascair an gannchion sa bhliain 2012 ó ráta an cheannaigh a bheith níb ísle ná mar a réamh-mheasadh. |
| Ilghnéitheach | (1,867) | D'eascair farasbarr sna fáltais sa bhliain 2012 ó aisghabháil lacáistí iomarcaíochta (thart ar €0.9m), aisíocaí sochar árachais shóisialaigh agus aisghabháil ró-íocaíochtaí. Ós rud é gur fo-mhírcheann de chineál ad hoc é seo, is deacair leibhéal na bhfáltas a thuar ó bhliain go bliain. |
| Aisghabháil thuarastail srl. na múinteoirí ar iasacht agus athghreim ar ró-íocaíochtaí tuarastail | (457) | D'eascair farasbarr sna fáltais ar an bhfo-mhírcheann seo go mór mór ó leibhéal na bhfáltas ó ró-íocaíochtaí a bheith níb airde ná mar a tuaradh chomh maith leis an athghreim níb airde a rinneadh ar fhiacha gan íoc i leith daoine ar iasacht. |

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| **H.3 Fáltais Dara Leibhéal agus Fáltais Bhreisoideachais** | | |
| Aoisliúntas srl. na múinteoirí meánscoileanna, scoileanna cuimsitheacha agus pobalscoileanna: Ranníocaíochtaí le scéim aoisliúntais na meánmhúinteoirí | 3,430 | D'eascair gannchion sna fáltais mar bhí líon na bpost múinteoireachta ní ba lú sa bhliain 2012 ná mar a tuaradh maille le laghdú dá réir ar na fáltais aonuaire ó mhúinteoirí a bhí ag dul ar scor. |
| Ilghnéitheach | (10,367) | D'eascair thart ar €8m den fharasbarr ó aisíocaí ón An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú toisc na héilimh a cuireadh isteach a bheith tugtha chun críche don Eoraip. D'eascair an chuid eile den fharasbarr ó aisíocaí a bhain le haisghabháil na sochar árachais shóisialaigh, aisíocaí na ró-íocaíochtaí agus aisíocaí ad hoc eile atá de chineál ilghnéitheach agus ar deacair iad a mheas. |
| Ranníocaíochtaí leis an Scéim Aoisliúntais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta agus do Chúntóirí Cléireachais i Meánscoileanna (Fo-mhírcheann D.3.) | 114 | D'eascair gannchion na bliana 2012 sna fáltais go príomha mar ba lú ná mar a tuaradh leibhéal na bhfáltas i dtaca le haoisliúntas na gCúntóirí Riachtanas Speisialta. |
| Aisghabháil thuarastail srl. na múinteoirí ar iasacht agus athghreim ar ró-íocaíochtaí tuarastail | 153 | D'eascair gannchion sna fáltais mar ba lú líon na múinteoirí ar iasacht i 2011/12. |
| **H.4 Fáltais FÁS** | | |
| FÁS – pinsin | 1,233 | D'eascair an gannchion sna fáltais go mór mór ó aistriú na foirne ó FÁS chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí chomh maith le líon na ndaoine a chuaigh ar scor i rith na bliana 2012 a bheith ní ba mhó ná mar a réamh-mheasadh. |
| FÁS – asbhaintí a bhaineann le pinsin | 2,471 | D'eascair an gannchion sna fáltais go mór mór ó aistriú na foirne ó FÁS chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. |
| **H.5. Asbhaintí ó thaobh Pinsin** | | |
| Fáltais ón asbhaint ó thaobh pinsin ar an luach saothair sa tseirbhís phoiblí | 16,389 | D'eascair an gannchion sna fáltais go príomha mar íocadh ní ba lú ranníocaíochtaí toisc go ndeachaigh ní ba mhó daoine ar scor i rith na bliana 2012 agus toisc gur cuireadh foireann ar phointí níb ísle den scála tuarastail ina n-ionad. |

**4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fáltais bhreise leis an Státchiste | 1,824 | 17,312 |

I rith na bliana 2012, d'eascair €1.529m de na fáltais bhreise leis an Státchiste a tugadh suas don Roinn Airgeadais ó aisghabháil na n-iarmhéideanna barrachais, a bhí gan chaitheamh ó dheontais a íocadh i mbliain roimhe sin leis an Údarás um Ard-Oideachas, agus a bhain le maoiniú do mhic léinn iarchéime agus iardhochtúireachta. D'eascair €154,459 de na fáltais ó athghreim ar airgead ar a ndearnadh míleithreasú ón Roinn roimhe sin.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

Baineann an fhaisnéis seo a leanas faoi líon agus pá fostaithe leis an Roinn agus lena cuid comhlachtaí gaolmhara Stáit. Athshonraíodh figiúirí comparáideacha 2011 leis na comhlachtaí Stáit sin a chur san áireamh.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 93,492 | 94,613 |

Ní áirítear leis an líon foirne a thuairiscítear ach na poist chroíláir a mhaoinítear ar an tríú leibhéal, mar ní áirítear ach na poist seo le comhaireamh foriomlán na foirne san earnáil phoiblí.

**5.(a) Líon Foirne agus Páchostais ghaolmhara a íoctar amach ó Vóta 26**

| Catagóir na foirne dá dtugtar luach saothair | An fo-mhírcheann óna n-íoctar amach na cistí | Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann | Líon Chreat Rialaithe Fostaíochta ag 31 Nollaig 2012 | Páthoradh ag 31 Nollaig 2012 €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Múinteoirí céad agus dara leibhéal** | C.1. | Íocaíochtaí Tuarastail agus Maoirseachta na Múinteoirí | 32,276 | 2,035,436 |
| | D.1. | Tuarastail na Meánmhúinteoirí | 16,821 | 1,134,648 |
| | D.6. | Tuarastail na gCoistí Gairmoideachais | 10,689 | 566,665 |
| **Fo-iomlán mhúinteoireachta** | | | **59,786** | **3,736,749** |
| **Foireann neamh-mhúinteoireachta céad agus dara leibhéal (lena n-áirítear Cúntóirí Riachtanas Speisialta, Coistí Gairmoideachais srl.)** | C.4. | Pá Fhoireann Neamh-mhúinteoireachta an chéad leibhéil | 8,691 | 303,422 |
| | D.3. | Pá Fhoireann Neamh-mhúinteoireachta an dara leibhéal | 2,157 | 48,117 |
| | D.5. | Pá na scoileanna cuimsitheacha agus na bpobalscoileanna | 441 | 16,861 |
| | D.6. | Pá scoileanna na gCoistí Gairmoideachais | 1,930 | 95,671 |
| **Fo-iomlán neamh-mhúinteoireachta** | | | **13,219** | **464,071** |

| Catagóir na foirne dá dtugtar luach saothair | An fo-mhírcheann óna n-íoctar amach na cistí | Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann | Líon Chreat Rialaithe Fostaíochta ag 31 Nollaig 2012 | Páthoradh ag 31 Nollaig 2012 €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Tríú Leibhéal** | E.3 | An tÚdarás um Ard-Oideachas – Costais ghinearálta | 56 | 3,860 |
| | E.4.1. | An tÚdarás um Ard-Oideachas – Earnáil na nOllscoileanna | 10,132 | 499,359 |
| | E.4.2. | An tÚdarás um Ard-Oideachas – Earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta | 7,265 | 306,180 |
| | E.5. | Coláistí Oiliúna Múinteoirí | 27 | 6,734 |
| | E.7. | Ospidéal Déadliachta Bhail Átha Cliath | 126 | 10,436 |
| | E.8. | Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | 57 | 5,727 |
| | E.14. | An tÚdarás um Ard-Oideachas – Earnáil na nOllscoileanna | 7 | 562 |
| **Tríú Leibhéal – fo-iomlán** | | | **17,670** | **832,858** |
| **Foireann na Roinne** | A.1. | Tuarastail | 1,019 | 58,607 |
| | A.8. | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | 187 | 15,175 |
| **Fo-iomlán Fhoireann na Roinne** | | | **1,206** | **73,782** |

| Catagóir na foirne dá dtugtar luach saothair | An fo-mhírcheann óna n-íoctar amach na cistí | Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann | Líon Chreat Rialaithe Fostaíochta ag 31 Nollaig 2012 | Páthoradh ag 31 Nollaig 2012 €000 |
|---|---|---|---:|---:|
| **Eile** | D.9. | Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 147 | 9,687 |
| | G.1. | Riarachán FÁS | 1,096 | 57,222 |
| | B.7. | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | 26 | 2,064 |
| | B.9. | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | 103 | 6,344 |
| | B.12. | An Bord um Shásamh | 22 | 1,222 |
| | B.13. | Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann | 59 | 3,292 |
| | B.19. | An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú | 3 | 471 |
| | B.1. | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí | 80 | 3,512 |
| | C.2 | Modhscoileanna | 8 | 159 |
| **Fo-iomlán eile** | | | **1,544** | **83,973** |
| **Iomlán** | | | **93,425** | **5,191,433** |

1. Déanann an tábla seo thuas sainaithint ar chostais phá maidir leis an bhfoireann mhúinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta a bhfeidhmíonn an Roinn mar phámháistir dóibh. Ina theannta sin, déanann an tábla sainaithint ar chostais phá maidir leis na Comhlachtaí/Institiúidí a mhaoinítear ó Vóta 26. Mar aon leis na sonraí a thugtar thuas, níl aon fho-mhírcheann sainithe pá ag 67 mball foirne coibhéise lánaimseartha a nótáiltear sa Chreat Rialaithe Fostaíochta.

2. I dtaca le fo-mhírchinn B.1. (An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí), B.13 (Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann), E.3. (Costais an Údaráis um Ard-Oideachas) agus E.8.(Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath) áirítear costais phinsin freisin le cuid bheag den phá.

3. Ar áireamh i bhfigiúirí pá B.19 an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú tá ceathrar ball foirne ar chonradh nach n-áirítear leis na figiúirí faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta chomh maith le costais ó thaobh beirt bhall foirne a shannadh go sealadach ón mBord um Shásamh.

4. Is táscach iad na figiúirí pá d'fhoireann mhúinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta na gCoistí Gairmoideachais (Fo-mhírcheann D.6.) ó thaobh na bliana 2012. Ón uair go bhfuiltear chun cairt nua na gcuntas a thabhairt isteach i rith na bliana 2013, táthar ag súil leis go bhféadfar figiúirí pá níos críochnaithí a chur ar fáil i gcuntais na todhchaí.

**5.(b) Pá as an Státchiste**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 53,024 | 54,597 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 314 | 291 |
| Liúntais eile | 80 | 104 |
| Ragobair | 630 | 724 |
| ÁSPC an Fhostóra | 4,559 | 4,481 |
| **Pá iomlán** | **58,607** | **60,197** |

Ní bhaineann na sonraí airgeadais sa tábla seo ach leis an bhfoireann a íoctar as an bhfo-mhírcheann riaracháin A.1. - Tuarastail na Foirne.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2012** | **2011** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 66 | 8 | 20,614 | 19,585 |
| Liúntais eile | 84 | — | 5,914 | 5,783 |
| Ragobair | 263 | 6 | 23,023 | 17,964 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i ní ba mhó ná catagóir amháin

Is leis an bhfoireann a íoctar as fo-mhírchinn an bhuiséid riaracháin A.1. agus A.9. amháin a bhaineann na sonraí de liúntais agus d'íocaíochtaí ragoibre sa tábla seo.

**5.2 Státseirbhísigh athfhostaithe**

Athfhostaíodh ceathrar státseirbhíseach is fiche a bhí ar scor agus iad ag fáil pinsean státseirbhísigh ar bhonn táille ag costas iomlán de €113,910.

**5.3 Íocaíochtaí Téarfa/Iomarcaíochta**

Íocadh suimeanna iomarcaíochta i rith na bliana 2012 arbh éard a bhí iontu go hiomlán ná €10,139,323 le 1199 de bhaill foirne neamh-mhúinteoireachta agus ba os cionn €10,000 a chuaigh trí chéad seasca is sé íocaíocht iomarcaíochta. Ba é an luach ab airde a íocadh sa bhliain 2012 ná €36,363, lenar áiríodh íocaíocht i leith suimeanna incháinithe iomarcaíochta, idir chinn reachtúla agus neamhreachtúla. Íocadh an t-airgead leis an bhfoireann seo trí phárollaí na Roinne, i gcáil na Roinne mar phámháistir, i gcomhair scoileanna áirithe.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Tá na fo-mhírchinn i Vóta 26 ónar íocadh an maoiniú a foinsíodh ón gCrannchur Náisiúnta tugtha thíos. Tá liosta iomlán le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne (www.education.ie)

**Faighteoirí an Mhaoinithe ón gCrannchur Náisiúnta**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais na nEagraíochtaí Oideachais Aosaigh[1] | — | 854 |
| Gníomhaíochtaí Cultúir (Fo-mhírcheann B.14.) | 146 | 187 |
| Iomlán | 146 | 1,041 |

[1] An fo-mhírcheann um chostais ghinearálta chun tacú leis na heagraíochtaí oideachais aosaigh, a sainíodh mar fho-mhírcheann B.1. go dtí deireadh na bliana 2011, rinneadh é a chomhchuimsiú i bhfo-mhírcheann nua ó 1 Eanáir 2012, chun a bheith ina scáil ar chomhdhlúthú an chaiteachais ar an mbreisoideachas. Riaradh ar chostais an bhreisoideachais go dtí deireadh na bliana 2011 ó roinnt áirithe fo-mhírcheann, agus B.1. Oideachas Aosach san áireamh.

### 6.2 Maoiniú ón Aontas Eorpach (AE)

Ba i bhfo-mhírcheann H.1.3. a tugadh fáltais €1,962,977 ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) chun cuntais. An tsuim €1,962,977 a fuarthas sa bhliain 2012 agus a taispeánadh mar leithreasaí-i-gcabhair, bhí sí ar áireamh sa chaiteachas taifeadta ó na fo-mhírchinn seo a leanas d'Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna: - A.1., B.5., D.1., D.6., D.9., E.4., agus E.12, G.2., G.7 agus G.8.

**Maoiniú ón AE go díreach chuig comhlachtaí**

I dteannta na ndeontas ón Vóta, ba é seo a leanas an cúnamh díreach ón AE chuig na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne i rith na bliana 2012.

| Fo-mhírcheann | Cur síos | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | Maoiniú | Maoiniú |
| | | € | € |
| G.1. | FÁS | 292,803 | 412,062 |

**An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú**

Is éard atá sa Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú ná clár maoinithe an Aontais Eorpaigh a chuidíonn le Ballstáit an AE pacáiste féinoiriúnaithe uasoiliúna, athoiliúna agus tacaí fiontraíochta a chur ar fáil d'oibrithe a ndéantar iomarcaíocht orthu de thoradh dhrochiarmhairtí an domhandaithe agus de thoradh phatrúin na trádála domhanda atá ag athrú. I dtaca le cláir arna gcur isteach ag Ballstáit sa tréimhse idir Bealtaine 2009 agus Nollaig 2011, cuireann an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú cómhaoiniú ar fáil ar ráta suas le 65%, agus is as an maoiniú náisiúnta a riartar ar an 35% eile. Baineann ráta laghdaithe uas-chómhaoinithe 50% an AE le hiarratais a chuirtear isteach ó 1 Eanáir 2012.

Is de chineál ilbhliantúil iad cláir an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú. Faoi Alt 13(2) de Rialachán CE Uimhir 1927/2006, maireann an tréimhse fhorfheidhmithe a bhíonn ag clár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú suas le 24 mhí, tréimhse dar tús an dáta a gcuireann an Ballstát iarratas isteach. Lena chois sin, féadfar bearta a thosaigh sular cuireadh an t-iarratas isteach a chur san áireamh. Faoin Rialachán, ní mór do Bhallstát tuarascáil deiridh agus ráiteas caiteachais a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ar dháta nach déanaí ná sé mhí i ndiaidh dheireadh an chláir. Ansin, tá tréimhse chlabhsúir 6 mhí ag an gCoimisiún chun an clár a scrúdú roimh dó é a fhoirceannadh go foirmiúil, agus ar an gcaoi sin is féidir tréimhse chlár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú a fhadú go 36 mhí.

Is mar gheall ar struchtúr ilbhliantúil an Chiste, éilimh chaiteachais a bheith curtha isteach ag soláthraithe náisiúnta seirbhíse ar bhonn eatramhach, ar bhonn bliantúil nó ar bhonn ilbhliantúil agus gan an chionroinnt ar chaiteachas iomlán an AE agus ar an gcaiteachas náisiúnta iomlán a bheith tugtha chun críche go dtí clabhsúr iomlán na gclár, a bhíonn sé deacair caiteachas bliantúil ar chláir a réiteach i gcomhréir leis an tuairisciú forordaithe ar na cuntais náisiúnta. Beidh na sonraí iomlána de chaiteachas na gclár ar fáil, áfach, nuair a bheidh gach clár ar leith foirceanta.

Chuir an Roinn Tuarascálacha Deiridh isteach i leith chláir an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú de chuid Dell, Waterford Crystal agus S.R.Technics i Nollaig 2011, Feabhra 2012 agus Aibreán 2012, faoi seach, agus tá clabhsúr deiridh na dtuarascálacha sin ar feitheamh ón gCoimisiún Eorpach. Tá 90% de chaiteachas neamhchaite an AE i leith na gclár seo aisíoctha ag an Roinn. Táthar ag súil leis go n-iarrfaidh an tAE aisghabháil an 10% eile d'airgead neamhchaite an AE nuair a bheidh na cláir dúnta ar deireadh.

Ar 7 Nollaig 2012 chuir an Roinn Tuarascálacha Deiridh isteach i leith chláir an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú i bhfo-earnálacha foirgníochta NACE (arb éard atá ann ná Aicmiú Staitistiúil na nGníomhaíochtaí Geilleagracha san Aontas Eorpach), is iad sin NACE 41 ('Foirgnimh a thógáil'), NACE 43 ('Sainghníomhaíochtaí foirgníochta') agus NACE 71 ('Seirbhísí Ailtireachta') a chuimsigh thart ar 8,000 oibrí a bhí iomarcach.

Sa bhliain 2012, fuair Éire íocaíocht amháin €2.696m, ar ráta laghdaithe cómhaoinithe 50%, ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú i leith iarratas Talk Talk an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú, a chuimsigh breis agus 580 oibrí.

Tugann an tábla seo thíos na sonraí cuí de chláir an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú

| Clár | Leithdháileadh Cláir (100%) | Tréimhse Fhorfheidhmithe Náisiúnta agus an AE | | Fáltais ón AE (65%) |
|---|---|---|---|---|
| DELL | 22,817,000 | Feabh 2009 – Meith 2011 | | 14,831,040 |
| Waterford Crystal | 3,955,159 | Már 2009 – Lún 2011 | | 2,570,843 |
| SR Technics | 11,455,174 | Már 2009 – DF 2011 | | 7,445,863 |
| NACE 41 | 19,522,829 | Iúil 2009 – Meith 2012 | | 12,689,838 |
| NACE 43 | 33,329,459 | Iúil 2009 – Meith 2012 | | 21,664,148 |
| NACE 71 | 2,135,107 | Iúil 2009 – Meith 2012 | | 1,387,819 |
| Talk Talk | 5,392,765 | DF 2011 – Feabh 2014 | (50%) | 2,696,382 |
| | €98,607,493 | | | €63,285,933 |

Tá cómhaoiniú náisiúnta curtha ar fáil go dtí seo do chláir an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú ó:-

- An Roinn Oideachais agus Scileannas, fo-mhírchinn E.1 (Tacaíocht do Mhic Léinn), E.4. (Tacaí Tríú Leibhéal d'Ollscoileanna agus d'Institiúidí Teichneolaíochta), G.2 (Tacaí Oiliúna agus Lánpháirtithe FÁS), G.6. (Tacaí Fiontraíochta) agus G.8. (Deontais do Choistí Gairmoideachais i leith tacaí agus liúntas oideachais dara leibhéal).

- An Ciste Náisiúnta Oiliúna (Treorú, oideachas, tacaí agus liúntais oiliúna agus cúnamh teicniúil)

- An Roinn Coimirce Sóisialaí (Vóta 38) (Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas agus tacaí seirbhíse fostaíochta)

**Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann agus Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais**

Fuair Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann agus Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna araon maoiniú ón AE sa bhliain 2012. Fuair Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann maoiniú €0.103 milliún i dtaca leis an EUROPASS agus i dtaca le gníomhaíochtaí an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí. Faigheann Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna maoiniú chun an rúnaíocht a chur ar fáil d'EQAVET (Dearbhú Cáilíochta na hEorpa i nGairmoideachas agus i nGairmoiliúint). Ba ionann agus €0.411 milliún é seo sa bhliain 2012.

**6.3 Coimisiúin agus Fiosrúcháin**

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas Carnach go 31 Nollaig 2012 €000 | Caiteachas i 2012 €000 | Caiteachas i 2011 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú | 1999 | 68,663 | 1,296 | 2,173 |
| An Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe [1] | 2002 | 1,093,437 | 38,022 | 44,200 |
| Coiste Athbhreithnithe um Fhorais Chónaithe[2] | 2003 | 7,214 | 581 | 678 |
| Coimisiún um Chóiríocht Scoile[3] | 1996 | 3,518 | — | 1 |
| Fiosrúchán ar Ghairmscoil Chathair Chill Chainnigh[3] | 2006 | 328 | — | 4 |
| **Iomlán[4]** | | 1,165,946 | 39,318 | 46,378 |

[1] I dteannta an chaiteachais Státchiste seo, caitheadh ranníocaíochtaí ó na cuallachtaí reiligiúnacha faoi Chomhaontú Cúitimh 2002 ar luach €42,259,000 ar an scéim, agus leis sin ba é méid iomlán an chaiteachais ar an Scéim Shásaimh agus ar an dlíthíocht ghaolmhar faoi Chomhaontú Cúitimh 2002 ná €1,135,696,000. As an méid seo tá iarmhéid deiridh dheireadh bliana de €56,000 sa Chuntas fionraí sásaimh, tar éis gur caitheadh €10,039,000 de bhun Chomhaontú Cúitimh 2002 agus gur caitheadh €1.126 billiún ar an Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe.

[2] Tá an caiteachas a bhaineann le Coiste Athbhreithnithe na bhForas Cónaithe san áireamh sna costais atá luaite don Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe.

[3] Tá an obair ar an gCoimisiún um Chóiríocht Scoile agus an Fiosrúchán faoi Ghairmscoil Chathair Chill Chainnigh curtha i gcrích anois.

[4] Ní chuireann figiúirí chaiteachais charnaigh an Choimisiúin/na bhFiosrúchán san áireamh an caiteachas atá catagóirithe faoi cheannteideal Choiste Athbhreithnithe na bhForas Cónaithe ós rud é gur ceapadh an caiteachas seo faoi cheannteideal carnach na Scéime um Shásamh i leith Foras Cónaithe.

**6.4 Dliteanas Teagmhasach**

**Sásamh**

Déanfar a thuilleadh íocaíochtaí a bhainfidh leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú agus leis an mBord um Shásamh. Ní féidir na costais chríochnaitheacha a shocrú ag an bpointe seo mar is obair leanúnach atá ar siúl faoi láthair ag an dá chomhlacht.

Ba é an caiteachas ar an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú ó bunaíodh é go deireadh 2012 ná €68,662,688. Ag an bpointe seo, meastar go bhféadfaidh soláthar de thart ar €15 - €20 milliún a bheith ag teastáil chun íoc as costais eile an Choimisiúin. Is soláthar trialach é seo, ós rud é nach bhfuil toirt mhór costas ionadaíochta dlíthiúla tríú páirtí idirbheartaithe fós ag an gCoimisiún.

Ba é an caiteachas a bhain leis an mBord um Shásamh go deireadh 2012 ná €1,125,599,710 agus ag an bpointe sin bhí timpeall is 15,397 iarratas próiseáilte as an neasiomlán 16,081 (agus 1,866 d'iarratais dhéanacha san áireamh) a fuair an Bord. Thairis sin, bhí 709 d'aighneachtaí déanacha le breithniú ag an mBord. Ag an bpointe seo, meastar go bhféadfaidh costais bhreise d'isteach agus amach le €107 milliún éirí. Bunaítear an meastachán ar an meándámhachtain agus cuirtear an t-eolas is déanaí ar iarratais dhéanacha san áireamh freisin. Is meastachán trialach é seo, áfach, ós rud é go leanann an Bord d'iarratais a phróiseáil agus ós rud é go bhféadfaidh éagsúlacht leis an meánmhéid a bheith ar leibhéal na dámhachtana sna cásanna seo atá fós le breithniú.

**6.5(a) Costais dlí agus cúiteamh**

Costais dlí [1 & 2]

Rangaítear na costais dlí a íocadh i rith na bliana mar seo a leanas:

| | **2012** |
|---|---|
| | **€000** |
| Táillí dlí | 435 |
| Costais chúitimh | 1,349 |

[1] Sonraíonn an tábla seo thuas costais dlí agus táillí dlí a bhíonn á n-íoc go díreach ag an Roinn agus ní scáil é ar chostais dlí comhlachtaí eile a dtacaíonn fo-mhírchinn vótáilte leo.

[2] Is táscach iad na costais dlí i gcomhair na bliana 2012. Níl figiúirí comparáideacha 2011 ar fáil. Ón uair go bhfuiltear chun cairt nua na gcuntas a thabhairt isteach i rith na bliana 2013 chun an t-athrú chuig an mbuiséadú feidhmíochta a chur san áireamh, táthar ag súil leis go bhféadfar sonraí níos críochnaithí a chur ar fáil sa todhchaí.

**6.5(b) Costais Dhlíthiúla ag Sárú €50,000**

Tá na costais dhlíthiúla atá luaite i bpointí 1 go 4 sa nóta seo íoctha ag an Roinn agus tá siad curtha san áireamh sna táillí dlíthiúla agus sna costais chúitimh faoi mar a gcuirtear síos orthu ag pointe 6.5(a) thuas.

Bhain na costais dhlíthiúla ar cuireadh síos orthu ag pointe 5 leis an Sásamh agus tabhaítear iad faoi Fhotheideal B.12. Ní chuirtear na costais seo san áireamh i gclár 6.5(a) ós rud é go bhfuil siad catagóirithe mar chostais dhlíthiúla comhlachas eile a fhaigheann tacaíocht ó fhotheideal Vóta seachas costais dhlíthiúla a íoctar go díreach ag an Roinn.

1. Tarraingíonn an caiteachas faoi Fho-mhírcheann C.5 costais socraíochta €140,500 maidir le ceithre chás oideachais speisialta. Tabhaíodh táillí dlí €172,666 i dtrí cinn de na ceithre chás dlí agus i gcás amháin eile. (S18/7/00).

2. Cuimsíonn an caiteachas faoi Fho-mhírcheann D.8 táillí dlí arbh éard a bhí iontu go hiomlán ná €200,992 maidir le ceithre achomharc faoi Alt 29 den Acht Oideachais, 1998.

3. Cuimsíonn an caiteachas faoi Fho-mhírcheann D.8 costais socraíochta arbh éard a bhí iontu go hiomlán ná €314,188 agus táillí dlí €13,625 i dtaca le cás cúirte a thóg múinteoir (S18/10/04).

4. Cuimsíonn an caiteachas faoi Fho-mhírcheann D.8 costais socraíochta €27,117 maidir le beartas teanga scoile (S18/10/04).

5. Cuimsíonn an caiteachas faoi Fho-mhírcheann B.12 dámhachtainí ar fiú go hiomlán iad ná €57,500 i dtaca le dhá chás sásaimh. Tabhaíodh táillí dlí arbh éard a bhí iontu go hiomlán ná €388,248 sa dá chás seo agus in aon chás déag eile freisin. Tabhaíodh táillí míochaine arbh éard a bhí iontu go hiomlán ná €184 i gceann de na cásanna dlí freisin (S18/10/04).

**6.6 Díscríobhanna**

Ag éirí as calaois maidir le híocaíochtaí aoisliúntais, rinneadh €48,498 a dhíscríobh mar shuim dho-chúlghairthe i rith na bliana 2012. (Uimhir thagartha an cheadaithe 1566)

**Caimiléireachtaí/Mírialtachtaí Amhrasta**

Maidir leis an mbliain 2012 cuireadh an Roinn ar an eolas faoi 19 gcás ina raibh caimiléireacht/mírialtachtaí amhrasta i gceist, agus tá mórchuid acu fós á n-imscrúdú ag Meán Fómhair 2013. Eascraíonn na cásanna atá á n-imscrúdú cuid mhór mar gheall ar eisiúint deontas nó i dtaca le caiteachas míchuí an mhaoinithe Státchiste ag eagraíochtaí oideachasúla. Sna cásanna sin dá bhfuil sonraí airgeadais na caimiléireachta/na mírialtachta ar fáil, ba é líon iomlán an mhaoinithe Státchiste a caitheadh go mírialta ná €159,000 agus bhí méid iomlán i gceist le foinsí maoinithe eile de €10,000. I gceann de na cásanna seo, mar a bhfuil sonraí airgeadais ar fáil, táthar ag súil leis go n-aithneofar tuilleadh suimeanna mírialta agus na himscrúduithe ag déanamh dul chun cinn. Ta imscrúduithe ag dul ar aghaidh i dtaca le 6 as na 19 gcás nach bhfuil sonraí airgeadais ar fáil dóibh fós.

Ós rud é go bhfuil na cásanna seo ag dul ar aghaidh leanfaidh an Roinn uirthi de bheith ag déanamh gach iarracht réasúnta leis na cistí Státchiste a aisghabháil nuair a tharla caimiléireacht. Sna tosca sin ina bhfuil aisghabháil barántaithe tarlóidh sin cé acu trí mheán athíocaíochta dírí nó trí mheán siarchoinneáil suimeanna comhaontaithe ó dheontais choimhdeacha.

**6.7 Sásamh i leith Foras Cónaithe**

**Cuntas Speisialta um Shásamh i leith Foras Cónaithe faoi Théarmaí an Chomhaontaithe Slánaíochta**

D'fhoráil Alt 23 den Acht um Shásamh i leith Foras Cónaithe 2002 go mbunófaí Cuntas Speisialta arna mhaoiniú as "airgead a sholáthróidh an tOireachtas" agus ag "duine, le toiliú an Aire (Oideachais agus Eolaíochta) agus an Aire Airgeadais". Mar aon leis an airgead a sholáthraíonn an tOireachtas, tagann maoiniú i gcomhair an Chuntais Speisialta as airgead a thugtar faoi théarmaí an Chomhaontaithe Slánaíochta idir an Stát agus na cuallachtaí reiligiúnacha (na hoird rialta) a dhéanann ranníocaíochtaí. Tá liosta de na cuallachtaí a dhéanann ranníocaíochtaí sa chéad Sceideal den Chomhaontú sin. Úsáidtear airgead ón gCuntas Speisialta chun íoc as dámhachtainí a dhéanann an Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe agus as costais ghaolmhara dlí agus socraíochta. Tá na cuntais faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**Cuntas Speisialta um Shásamh Fad a Bheidh Bunú an Chiste Reachtúil ar Feitheamh**

In Aibreán 2010, d'fhógair an Rialtas go raibh sé de rún aige feidhm a bhaint as €110 milliún de na ranníocaíochtaí a thairg na Cuallachtaí Reiligiúnacha chun ciste reachtúil a bhunú agus a oibriú d'fhonn tacú le riachtanais mharthanóirí na drochúsáide leanaí sna forais chónaithe. Fad a bheadh bunú an chiste reachtúil ar feitheamh, osclaíodh cuntas ústhorthach speisialta, faoi chomhsmacht na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus na Roinne Oideachais agus Scileanna, sa Bhanc Ceannais chun na ranníocaíochtaí airgid a ghlacadh ó na Cuallachtaí Reiligiúnacha. Fuarthas ranníocaíochtaí €18.95 milliún ó na Cuallachtaí Reiligiúnacha i rith na bliana 2012 in éineacht le hús €1.044m a thuill ceann de na Cuallachtaí Reiligiúnacha ar an ranníocaíocht sular taisceadh í. Ba é iarmhéid deiridh an chuntais ar 31 Nollaig 2012 ná €41,314,845.

Tar éis thosach feidhme an Achta um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe 2012 agus tar éis do Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta cuntas infheistíochta an Chiste Reachtúil a bhunú, aistríodh iarmhéid €41,314,845 chuig cuntas Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i Márta 2013, de réir ailt 29(1) d'Acht 2012.

**6.8 Caiteachas ar Chóiríocht Shealadach Scoile**

Chuimsigh an caiteachas i rith 2012 faoi Fho-mhírchinn C.5. agus D.8. suimeanna arbh éard a bhí iontu ná €24,664,375 go hiomlán i dtaca le háitribh shealadacha scoileanna.

**6.9 Tabhairt Anonn an Bhuiséid**

Tugadh ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun coigilteas neamhphá €200,000 a thabhairt ar aghaidh ón mbliain 2012 ón tabhairt anonn chun na bliana 2013 i mBuiséad Riaracháin na Roinne.

# 7. Cuntais Ilghnéitheacha

### 7.1 Cuntais Neamhvótáilte

| | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | Urrúis | Airgead tirim | Iomlán | Iomlán |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid na nUrrús ar 1 Eanáir 2012 | 548 | — | 548 | 548 |
| Urrúis a fuasclaíodh | — | — | — | — |
| Aistriú ó chuntas fáltas agus íocaíochtaí | — | — | — | — |
| Urrúis a ceannaíodh | — | — | — | — |
| Aistriú an airgid fhuascailte | — | — | — | — |
| Iarmhéideanna ar 31 Nollaig 2012 | 548 | — | 548 | 548 |

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig**

| | Iomlán 2012 | Iomlán 2011 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ar 1 Eanáir | 149 | 143 |
| Fáltais | 25 | 24 |
| Aistriú chuig Coimisinéirí do Thabhartais agus do Thiomnachtaí Carthanúla 1 | (135) | — |
| Íocaíochtaí | (19) | (18) |
| Iarmhéideanna ar 31 Nollaig | 20 | 149 |

[1] De réir comhaontaithe le hOifig na gCoimisinéirí um Thabhartais agus Tiomnachtaí Carthanúla tá cistí dearlaice agus stocshealbhaíocht na Roinne á n-aistriú chuig na Coimisinéirí ar bhonn céimnithe thar na blianta 2010 go 2013.

### 7.2 Scoileanna Dearlaice

Cuntas ar Fháltais agus ar Íocaíochtaí na Scoileanna Dearlaice (comhdhéanta faoin Acht um Dhearlaicí Oideachais (Éire), 1885) i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2012, i leith Caipitil agus Ioncaim.

| | 2012 | | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | **Urrúis** | **Airgead tirim** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | 416 | — | 416 | 416 |
| Urrúis a fuasclaíodh | — | — | — | — |
| Aistriú ó chuntas fáltas agus íocaíochtaí | — | — | — | — |
| Aistriú cistí | — | — | — | — |
| Iarmhéideanna ar 31 Nollaig | 416 | — | 416 | 416 |

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig**

| | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna ar 1 Eanáir | 9 | 13 |
| Fáltais | 11 | 16 |
| Coimisinéirí do Thabhartais agus do Thiomnachtaí Carthanúla [1] | (1) | — |
| Íocaíochtaí | (19) | (20) |
| Iarmhéideanna ar 31 Nollaig | — | 9 |

[1] De réir comhaontaithe le hOifig na gCoimisinéirí um Thabhartais agus Tiomnachtaí Carthanúla tá cistí dearlaice agus stocshealbhaíocht na Roinne á n-aistriú chuig na Coimisinéirí ar bhonn céimnithe thar na blianta 2010 go 2013.

### 7.3 Ciste Deontas i gCabhair 2012

| | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Fo-mhírcheann B.1. – Ciste le haghaidh Chostais Ghinearálta na nEagraíochtaí Oideachais Aosaigh (Arna Mhaoiniú ón gCrannchur Náisiúnta)[1] | — | 854 |
| Fo-mhírcheann B.8 – Íocaíochtaí i dtaca le Tionscadail Áitiúla Tascfhórsa Druga [2] | — | 412 |
| Fo-mhírcheann B.14. - Ciste le haghaidh Chostais Ghinearálta na nEagraíochtaí Cultúir, Eolaíochta agus Oideachais (Arna Mhaoiniú ón gCrannchur Náisiúnta) | 146 | 187 |
| | 146 | 1,453 |

1 An fo-mhírcheann um chostais ghinearálta chun tacú leis na heagraíochtaí oideachais aosaigh, a sainíodh mar fho-mhírcheann B.1. go dtí deireadh na bliana 2011, rinneadh é a chomhchuimsiú i bhfo-mhírcheann nua ó 1 Eanáir 2012, chun a bheith ina scáil ar chomhdhlúthú an chaiteachais ar an mbreisoideachas. Riaradh ar chostais an bhreisoideachais go dtí deireadh na bliana 2011 ó roinnt áirithe fo-mhírcheann, agus B.1. Oideachas Aosach san áireamh.

2 Cuireadh maoiniú tionscadal i Limistéir Thascfhórsa Druga san áireamh i gCuntais Vóta 26 suas go Cuntais Leithghabhála 2011, san áireamh, agus tugadh chun cuntais é i bhFotheideal B.8. Ós rud é gur baineadh ainmniú cuntais leithghabhála Fhotheideal B.8 ón bhfotheideal ag deireadh 2010, éiríodh as a bheith ag léiriú Fotheideal B.8 sa chlár faoin gCiste Cuntas Leithghabhála.